# 11 Tomhas feidhmíochta do chaiteachas Státchiste ar an tithíocht shóisialta

**11.1** Tá oibleagáid leanúnach ar ranna rialtais a thaispeáint gur bhain siad úsáid as an maoiniú a fhaigheann siad ón Oireachtas ar an mbealach a bhí beartaithe leis agus gur cuireadh chun tairbhe mhaith an caiteachas sin. Cuirtear meastacháin bhliantúla maidir le caiteachas le haghaidh na seirbhísí éagsúla i láthair an Oireachtais roimh ré, in éineacht le sceidil ina leagtar amach spriocanna le haghaidh na bpríomhghníomhaíochtaí agus aschur atá le baint amach, chomh maith le táscairí ábhartha tionchair agus comhthéacs i dtaca le gach aon cheann de na cláir chaiteachais.[1]

**11.2** Cé go dtuairiscítear an toradh caiteachais do na cláir sa chuntas leithreasa ábhartha agus cé go dtagann sé faoi réir iniúchta, ní thuairiscítear na torthaí maidir leis na táscairí feidhmíochta agus na táscairí comhthéacs sna cuntais. De mhalairt air sin, tuairiscítear an meastachán caiteachais don bhliain ina dhiaidh in éineacht leis an toradh.

**11.3** Rinneadh an scrúdú seo chun measúnú a dhéanamh ar an fhaisnéis feidhmíochta atá curtha i láthair ag an Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil (an Roinn)[2] maidir lena caiteachas ar an tithíocht shóisialta. Baineann an chuid is mó de chlár tithíochta[3] na Roinne leis sin, agus breis is €2.4 billiún caite air in 2019. Ba é príomhchuspóir an mheasúnaithe ná chun fáil amach an soláthraíonn na bearta atá curtha i bhfeidhm agus foilsithe ag an Roinn cuntas iomlán agus cruinn faoin méid atá á bhaint amach ag an gcaiteachas go tráthúil.

**11.4** Mar chuid den scrúdú, rinneadh athbhreithniú ar chreataí tomhais feidhmíochta um an gcaiteachas poiblí a úsáidtear i ndlínsí eile chun prionsabail agus bealaí den chur chuige ar an dea-chleachtas a aithint. Tá na príomhphrionsabail atá le cur i bhfeidhm maidir le bearta feidhmíochta aonair agus maidir le córais tomhais feidhmíochta ina n-iomláine leagtha amach in Iarscríbhinn 11A.

**11.5** Rinneadh athbhreithniú freisin ar thomhais feidhmíochta a úsáideadh maidir leis an tithíocht shóisialta i ndlínsí eile agus cuireadh i gcomparáid iad le creat feidhmíochta na Roinne.

## Soláthar tithíochta sóisialta

**11.6** Tá an tithíocht shóisialta sainmhínithe ag an Roinn mar an tacaíocht tithíochta a chuireann an Rialtas ar fáil do dhaoine leochaileacha agus dóibh siúd nach bhfuil in ann an chóiríocht a sholáthar dóibh féin leis na hacmhainní atá acu féin.

11.7 Tá aitheantas déanta san Acht Tithíochta 1988 go bhféadfaidh deacrachtaí a bheith ag grúpaí áirithe rochtain a fháil ar an tithíocht, lena n-áirítear daoine atá gan dídean, daoine scothaosta agus iad siúd a bhfuil fadhbanna sláinte áirithe acu. Ceanglaítear leis an Acht ar údaráis tithíochta na riachtanais atá grúpaí dá leithéid a mheas nuair atá na riachtanais tithíochta á measúnú. Tagann scéimeanna tithíochta inacmhainne lena ligtear do dhaoine áirithe teach a cheannach ar chostas atá níos ísle na an margadh faoin sainmhíniú ar an tithíocht shóisialta.[4]

1 Foilsíonn an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe na meastacháin chaiteachais gach bliain in Imleabhar na Meastachán Athbhreithnithe (*REV*).

2 Táthar ag súil leis go n-athrófar ainm na Roinne a go dtí an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta.

3 Seachas a cuid freagrachtaí a bhaineann go sonrach leis an tithíocht shóisialta, áirítear ar na dualgais tosaíochta atá ag an Roinn don earnáil tithíochta níos leithne cinnte a dhéanamh de go dtógtar aonaid tithíochta de réir na gcaighdeán iomchuí agus sna láithreáin chearta, chun feabhas a chur ar chaighdeán na n-aonad tithíochta ar cíos a fheabhsú agus chun an chosaint atá ar fáil do thionóntaí agus tiarnaí talún a neartú.

4 Sainmhínítear iadsan atá incháilithe chun leas a bhaint as scéim tithíochta inacmhainne in alt 93 (1) den Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000 mar dhaoine a bhfuil cóiríocht de dhíth orthu nach mbeadh a n-ioncam leordhóthanach chun na híocaíochtaí ar mhorgáiste a íoc leis.

**11.8** Is trí na húdaráis áitiúla a sholáthraítear na tacaíochtaí tithíochta den chuid is mó, nó trí chomhlachtaí tithíochta ceadaithe (CCTanna).[1] Cé go bhfuil go leor páirtithe eile bainteach le soláthar na tithíochta sóisialta in Éirinn, tá na páirtithe leasmhara lárnacha leagtha amach i bhFíor 11.1.

**Fíor 11.1 Na príomhpháirtithe leasmhara sa soláthar tithíochta sóisialta**

| An príomhpháirtí leasmhar | Ról | Freagracht |
|---|---|---|
| **An Státchiste** | An maoiniú | Soláthraíonn (tríd an Roinn) an chuid is mó den airgead a theastaíonn chun an tithíocht shóisialta a mhaoiniú trí shreafaí maoinithe éagsúla. |
| **An Ghníomhaireacht Airgeadais do Thithe (*HFA*)** | An maoiniú le haghaidh iasachtaí | Soláthraíonn an ghníomhaireacht, a cuireadh i mbun in 1982 agus a fheidhmíonn faoi choimirce na Roinne, maoiniú iasachta d'údaráis áitiúla agus do CCTanna chun aon chríche atá údaraithe faoi Achtanna na dTithe. Tá an *HFA* féin-mhaoinithe agus ní fhaigheann sé aon fhóirdheontas ón Státchiste.[a] |
| **Na húdaráis áitiúla** | An soláthar tithíochta, an bhainistíocht tionóntachta<br><br>Maoirseacht ar CCTanna | Tithíocht shóisialta a sholáthar trí stoc nua a thógáil, nó trí stoc a cheannach/a athchóiriú ó fhoinsí san earnáil phríobháideach. Ansin ligtear an stoc tithíochta amach ar léas le teaghlaigh atá incháilithe don tithíocht shóisialta. |
| **An Ghníomhaireacht um Thithíocht agus Pobail Inbhuanaithe (Gníomhaireacht Tithíochta)** | An soláthar tithíochta a chur cinn chun freastal ar an éileamh atá ann faoi láthair agus a bheidh ann amach anseo<br><br>Ról rialála | Cuireann sainchomhairle ar fáil do na geallsealbhóirí, chomh maith le cláir tithíochta a chur i bhfeidhm agus tá baint aici chomh maith le beartais a fhorbairt.<br><br>Tríd an Oifig Rialála sa Ghníomhaireacht, déantar CCTanna a rialáil go dtí go gcuirfear Údarás Rialála neamhspleách le haghaidh na CCTanna ar bun. |
| **Comhlachtaí Tithíochta Ceadaithe (CCTanna)** | An soláthar tithíochta agus an bhainistíocht tionóntachta | Tithíocht shóisialta a sholáthar trí stoc nua a thógáil, nó trí stoc a cheannach/a léasú ó fhoinsí san earnáil phríobháideach. Ansin ligtear an stoc tithíochta amach ar léas le teaghlaigh atá incháilithe don tithíocht shóisialta. |
| **An Coimisiúin Náisiúnta Maoirseachta agus Iniúchóireachta** | Ról maoirseachta | Comhlacht reachtúil neamhspleách a bunaíodh in 2014 agus a sholáthraíonn maoirseacht ar an earnáil rialtais áitiúil, lena n-áirítear coinníollacha sa tithíocht údaráis áitiúil. |

Foinse: Anailís arna déanamh ag Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Nóta: a Bailíonn an HFA a chuid cistí ar mhargaí caipitil intíre agus idirnáisiúnta, le tacaíocht ráthaíochta ón Aire Airgeadais.

**11.9** Is féidir leis na húdaráis áitiúla agus na CCTanna aonaid tithíochta sóisialta a thógáil nó a fháil trí struchtúir atá maoinithe go hiomlán le caipiteal nó trí struchtúir lena gcumasctar maoiniúcaipitil agus maoiniú reatha araon. Úsáidtear struchtúir mhaoinithe, ar struchtúir mhaoinithe reatha ar fad atá i gceist, le haghaidh léasaithe, na hÍocaíochta Cúnaimh Tithíochta (ÍCT) agus na Scéime Cóiríochta ar Cíos (SCC) (féach ar Fhíor 11.2).

1 Chun tuilleadh eolais a fháil faoi CCTanna, féach ar Chaibidil 10 Maoiniú agus maoirseacht ar chomhlachtaí tithíochta ceadaithe sa *Tuarascáil ar Chuntais na Seirbhísí Poiblí don bhliain 2017*; Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste, Meán Fómhair 2018.

**11.10** Is tacaíocht airgeadais ar leithligh é an forlíonadh cíosa[1] atá ar fáil tríd an Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí. Ní mheastar i ndáiríre gur tacaíocht tithíochta sóisialta atá ann agus táthar ag aistriú na dteaghlach atá ag fáil forlíonadh cíosa ar bhonn fadtéarmach agus atá incháilithe do thithíocht shóisialta, chuig ÍCT.

**Fíor 11.2 Modhanna chun an tithíocht shóisialta a sholáthar**

| Modh soláthair | Cur Síos |
|---|---|
| Tógáil/ceannach | Déantar na haonaid a thógáil nó ceannaíonn údaráis áitiúla nó CCTanna iad ar an margadh príobháideach, agus ansin ligtear ar cíos iad do theaghlaigh incháilithe. |
| Léas | Ligtear na haonaid ar bhonn léasa, léasanna fadtéarmacha den chuid is mó, tríd an gclár caiteachais reatha um an tithíocht sóisialta atá á fheidhmiú ag an Roinn. Leis an gclár sin, soláthraítear tacaíocht airgeadais d'údaráis áitiúla chun tithe agus árasáin a léasú, agus chun speansais oibriúcháin a thabhaíonn na CCTanna a íoc. |
| An Scéim um Chóiríocht ar Cíos (SCC) | Faigheann údaráis áitiúla aonaid chóiríochta ón margadh príobháideach agus déanann siad comhaontú tionóntachta leis an tiarna talún agus leis an té atá ag fáil an SCC araon. Íocann an tionónta farasbarr an chíosa.[a] Tá sé de fhreagracht ar an údarás áitiúil aonad cóiríochta eile a aimsiú sa chás go dtarlaíonn nach bhfuil an cóiríocht atá acu roimhe sin fós ar fáil don fhaighteoir mar gheall ar chúis nach raibh aon smacht aige air. |
| Íocaíocht Cúnamh Tithíochta (ÍCT) | Is é an té a fhaigheann an íocaíocht a aimsíonn an t-aonad tithíochta ón earnáil phríobháideach. Íocann an t-údarás áitiúil an cíos díreach leis an tiarna talún agus íocann an tionónta farasbarr an chíosa. Tá sé beartaithe ag an Roinn go ndéanfar réidh le SCC agus leis an bhforlíonadh cíosa, sa deireadh, agus go dtiocfaidh an ÍCT isteach ina n-ionad. |
| Seirbhísí tacaíochta do dhaoine gan dídean | Soláthraíonn údaráis áitiúla agus comhlachtaí eile cóiríocht agus tacaíochtaí eile do dhaoine gan dídean. |
| Forlíonadh Cíosa | Tacaíocht ioncaim arna soláthar ag an Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Cosanta Sóisialta chun cabhrú le teaghlaigh ar ioncam íseal íocaíochtaí cíosa a dhéanamh. Tá sé beartaithe, faoi Phlean Gníomhaíochta an Rialtais Atógáil Éireann (2016 – 2021), go n-aistreofar gach duine atá ag fáil an forlíonta cíosa go dtí an scéim Íocaíochta Cúnaimh Tithíochta (ÍCT) faoi 2020. |

Foinse: Achoimriú ó Pháipéar Oibre Uimh. 594 ón Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta (Meitheamh 2018) agus Athbhreithniú Caiteachais na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe 2018

Nóta: a Faoin gcóras cíosa difreálach, braitheann méid an chíosa a íocann an tionónta leis an údarás áitiúil ar ioncam iomlán an teaghlaigh.

1 Is éard is forlíonadh cíosa ann ná íocaíocht de réir tástála acmhainne atá ar fáil do dhaoine áirithe atá ina gcónaí in aonaid chóiríochta phríobháideacha ar cíos nach féidir leo costas a gcuid cóiríochta a sholáthar óna gcuid acmhainní féin.

### *Cuspóirí straitéiseacha*

**11.11** Tá cuspóirí straitéiseacha na Roinne maidir leis an tithíocht shóisialta don tréimhse 2016 go 2021 leagtha amach sa *Phlean Gníomhaíochta Atógáil Éireann (2016 – 2021).* Sa phlean seo — atá dírithe ar an margadh tithíochta ar fad — áirítear na spriocanna seo a leanas

- an soláthar foriomlán de thithe nua a mhéadú suas go 25,000 in aghaidh na bliana faoi 2020
- breis agus 50,000 aonad tithíochta sóisialta a sholáthar idir 2016 agus 2021[1]
- freastal ar riachtanais tithíochta 87,000 teaghlach breise le SCC agus leis an scéim ÍCT.

**11.12** Tuairiscíonn an Roinn ar *Atógáil Éireann* uair sa ráithe, lena n-áirítear spriocanna agus aschuir do sholáthar tithíochta sóisialta atá leagtha amach faoi chúig shruth seachadta — tógáil, ceannach, léasú, ÍCT agus SCC. Baineadh amach na spriocanna maidir leis an soláthar tithíochta sóisialta go dtí deireadh 2019 (féach ar Fhíor 11.3). Fuarthas díreach os cionn 100,000 aonad de thithíocht shóisialta trí na cúig shruth seachadta — beagnach 10% os cionn na sprice don tréimhse 2016 go 2019.

**Fíor 11.3 Sprioc-aschur *Atógáil Éireann* 2016 – 2021 agus toradh go dtí 2019**

| | Tógáil | Ceannach | Léas | SCC | ÍCT | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Sprioc charnach 2016 — 2021 | 33,617 | 6,830 | 10,036 | 3,800 | 86,510 | **140,793** |
| Sprioc faoi dheireadh 2019 | 16,974 | 5,230 | 4,955 | 3,200 | 60,760 | **91,119** |
| Iarbhír ag deireadh 2019 | 17,904 | 9,553 | 3,781 | 3,944 | 64,942 | **100,124** |


Foinse: An Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil

1 Rinneadh an sprioc bhunaidh de 47,000 aonad tithíochta sóisialta a mhéadú suas go dtí 50,000 aonad agus cuireadh maoiniú breise ar fáil chuige i mBuiséad 2018.

### *Treochtaí caiteachais*

**11.13** Caitheadh dhá oiread go leith de chaiteachas ar chlár tithíochta na Roinne in 2019 sa bhreis ar an méid ar caitheadh air don bhliain 2016 (féach ar Fhíor 11.4).[1]

**Fíor 11.4 Caiteachas ar an gclár tithíochta, 2016 – 2019 (toradh)[a] agus 2020 (Meastachán soláthair)[b]**




Foinse: An Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil, Meastacháin Athbhreithnithe le haghaidh Seirbhísí Poiblí 2020

Nótaí:
a Ní áirítear costais riaracháin sna figiúirí maidir le toradh don tréimhse 2016 go 2019 ach cuimsítear leo fáltais bharrachais chánach maoine áitiúla arna gcur i bhfeidhm ag údaráis áitiúla i bhfeidhm maidir le cláir sholáthair tithíochta. Ní chuirtear caiteachas ar thithíocht ó gheallsealbhóirí eile (ón Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí agus CCTanna, m.sh.) san áireamh.

b Tarraingítear figiúirí don bhliain 2020 ó Mheastacháin Athbhreithnithe 2020, agus tá fo-cheannteidil riaracháin fágtha amach iontu.

1 Is é an méadú iarbhír a bhí ann ná ó €943 milliún in 2016 suas go dtí €2.44 billiún in 2019.

**11.14** Tuairiscítear an caiteachas faoi raon fo-cheannteideal (féach ar Fhíor 11.5).

**Fíor 11.5 Fo-cheannteidil an chláir thithíochta, 2019 (toradh caiteachais) agus 2020 (soláthar sna meastacháin)**

| Fo-cheann teideal | Cur Síos | Toradh 2019[a] | Soláthar 2020[b] |
|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 |
| A1 | Riarachán — pá | 15,331 | 16,956 |
| A2 | Riarachán — neamhphá | 3,080 | 6,680 |
| A3 | **Tithíocht údaráis áitiúil** | 955,745 | 789,087 |
| A4 | **Clár caiteachais reatha don tithíocht shóisialta** | 139,127 | 190,886 |
| A5 | **An Scéim um Chóiríocht ar Cíos** | 134,290 | 133,000 |
| A6 | **An Scéim Íocaíochta Cúnaimh Tithíochta** | 382,408 | 497,729 |
| A7 | **An Scéim Cúnamh Caipitil** | 88,364 | 94,875 |
| A8 | **An Scéim um Iasachtaí Caipitiúla agus Fóirdheontais Chaipitiúla** | 51,686 | 54,500 |
| A9 | **Áiseanna pobail** | 25 | 500 |
| A10 | **Morgáiste go cíos** | 17,998 | 23,000 |
| A11 | **Saoráid Léasúcháin Réamhchaipitil** | 139,399 | 113,800 |
| A12 | **Cóiríocht agus tacaíocht don Lucht Siúil** | 14,036 | 19,210 |
| A13 | **Cóiríocht do dhaoine gan dídean** | 165,000 | 166,000 |
| A14 | **Tithíocht do dhaoine faoi mhíchumas agus do dhaoine scothaosta** | 167 | 500 |
| A15 | **Oibreacha athghiniúna/athchóirithe eastáit** | 78,511 | 71,750 |
| A16 | **Éifeachtúlacht fuinnimh — an t-iarfheistiú** | 47,454 | 48,238 |
| A17 | **An scéim deisiúcháin agus léasúcháin** | 3,772 | 10,700 |
| A18 | Deontais le haghaidh na tithíochta príobháidí | 51,912 | 59,000 |
| A19 | Liúntais mhorgáiste | 403 | 600 |
| A20 | **Fóirdheontas um thithíocht inacmhainne/úinéireacht chomhroinnte** | 2,397 | 4,000 |
| A21 | Ciste bonneagair | 22,279 | 186,000 |
| A22 | Leasúchán Piríte agus *MICA* | 30,000 | 40,000 |
| A23 | An Ghníomhaireacht um Thithíocht agus Pobail Inbhuanaithe | 7,500 | 10,500 |
| A24 | An Bord um Thionóntachtaí Cónaithe | 12,460 | 9,951 |
| A25 | Cigireacht ar aonaid chóiríochta ar cíos | — | 8,500 |
| A26 | Seirbhísí eile | 1,896 | 2,996 |
| | **Iomlán don chlár** | **2,365,240** | **2,558,958** |

Foinse: An cuntas leithreasa le haghaidh Vóta 34 Tithíocht, Pleanáil agus Rialtas Áitiúil, Meastacháin Athbhreithnithe do Sheirbhísí Poiblí 2020

Nótaí:

a Treoraíonn an Roinn d'údaráis áitiúla áirithe cuid dá bhfáltais bhliantúla chánach maoine áitiúla a chur i bhfeidhm le haghaidh na hinfheistíochta sa tithíocht sóisialta agus i mbóithre. In 2019, is ionann na hacmhainní cánach maoine áitiúla a cuireadh ar fáil chun críocha na tithíochta sóisialta agus €92.7 milliún. Rinneadh é seo a roinnt idir cláir arna maoiniú faoi fho-cheannteidil A3, A7, A8, A10, A11, A12, A15, A16, A18, A19 agus A20.

b Tarraingítear figiúirí soláthair 2020 ó Mheastacháin Athbhreithnithe 2020. Tá an Roinn ag súil leis go ndéanfar é seo a fhorlíonadh le €90.5 milliún i bhfáltais chánach maoine áitiúla a bhfuil na húdaráis áitiúla chun iad a chur ar fáil le haghaidh cláir tithíochta.

c Tá baint shonrach ag na fo-cheanntheidil atá aibhsithe le soláthar agus tacaíochtaí tithíochta sóisialta.

**11.15** Seachas an maoiniú vótáilte arna chur ar fáil ag an Roinn, cuireann aonáin eile san earnáil phoiblí airgead ar fáil i dtreo tithíocht shóisialta a sholáthar ar roinnt bealaí éagsúla. Mar shampla

- Ceanglaítear ar roinnt údarás áitiúil seirbhísí tithíochta a mhaoiniú ó fháltais bharrachais chánach maoine áitiúla suas go dtí luach a dhéanann an Roinn é a fhógairt.
- Soláthraíonn an Ghníomhaireacht Airgeadais do Thithe maoiniú iasachta do CCTanna agus d'údaráis áitiúla araon.
- Tá roinnt mórthionscadal tógála tithíochta sóisialta á bhforbairt ar an modh comhpháirtíochta poiblí príobháidí, agus an úinéireacht ag aistriú ar ais chuig na húdaráis áitiúla tar éis tréimhse conartha buansocraithe.
- Déanann an Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí íocaíochtaí forlíonta cíosa a mhaoiniú le haghaidh teaghlaigh incháilithe.

## Spriocanna feidhmíochta cláir

**11.16** Tá tacar tomhas ar na príomh-aschuir agus gníomhaíochtaí a mhaoinítear faoin gclár tithíochta forbartha ag an Roinn. Tá na tomhais siúd léirithe i sceideal a ghabhann leis an meastachán don chlár, mar aon le spriocluachanna atá le bheith bainte amach. Cuirtear líon beag 'táscairí comhthéacs agus tionchair i láthair freisin, ach gan spriocluachanna: ina ionad sin, cuirtear sonraí stairiúla i láthair maidir leis na tomhais sin.

**11.17** Maidir le meastachán 2020 — a foilsíodh i mí na Nollag 2019 — soláthraíodh 19 bpríomhthomhas aschuir agus gníomhaíochta san iomlán (féach ar Fhíor 11.6).[1] Áiríodh sa sceideal spriocluachanna i ndáil le gach uile thomhas do na blianta 2018, 2019 agus 2020.[2] Ní raibh ach amháin toradh 2018 ar fáil tráth ar foilsíodh é, agus rinneadh é sin a thuairisciú freisin. Tugadh le fios leis sin go raibh 15 cinn de na 17 bpríomhsprioc aschuir ardleibhéil a bhaineann lena clár tithíochta do 2018 bainte amach nó bainte amach go substaintiúil ag an Roinn.[3]

**11.18** Sa mheastachán foilsithe, baineann na tomhais leis an gclár, seachas le fo-cheannteidil ar leith. Chun críche an scrúdaithe seo, iarradh ar an Roinn na tomhais feidhmíochta a mheaitseáil leis na leithdháiltí buiséid do 2020. Baineann cuid de na tomhais le fo-cheannteidil iolracha, agus baineann cuid eile díobh le fo-cheannteidil ar leith. Tá sé deacair na gnéithe feidhmíochta dá dtagraítear i bhformhór na dtomhas a nascadh leis an gcaiteachas gaolmhar, dá bharr.

**11.19** Níl aon tomhais feidhmíochta ann maidir le cuid de na fo-cheannteidil chaiteachais. Ní chuirtear tomhais i láthair sa chás go mbaineann an caiteachas le costais riaracháin na Roinne i ndáil leis an gclár tithíochta, nó sa chás go mbaineann an caiteachas le deontais do ghníomhaireachtaí atá ag feidhmiú faoi choimirce na Roinne atá i mbun feidhmeanna a bhaineann leis an earnáil tithíochta (Gníomhaireacht Tithíochta agus Pobail Inbhuanaithe, An Bord um Thionóntachtaí Cónaithe). Mar sin féin, tá roinnt fo-cheannteideal ann nach bhfuil aon tomhais feidhmíochta inaitheanta a bhaineann leo ach a bhfuil an cuma orthu go mbeifear in ann iad a úsáid chun tomhais dá leithéid a shainaithint. Mar shampla,

1 Roimh 2018, bhí 10 bhfotheideal ag an Roinn seachas an 26 atá ann faoi láthair. Is í an aidhm a bhí leis an dí-chomhiomlánú in *REV* 2018 ná an trédhearcacht a fheabhsú trí níos mó sonraí faoi chomhchodanna na bhfo-cheannteideal uile a chur ar fáil. Ón tráth ar foilsíodh *Atógáil Éireann* in 2016, tá méadú tagtha ar líon na bpríomh-mhéadrachtaí ardleibhéil atá le feiceáil san *REV*, suas ó dheich gcinn (in *REV* 2015) go dtí 19 gcinn in *REV* 2020.

2 Tá na sonraí céanna foilsithe i *dTuarascáil Feidhmíochta na Seirbhíse Poiblí* coimre a fhoilsíonn an Roinn Caiteachais agus Athchóirithe Poiblí gach bliain. Foilsíodh an tuarascáil is déanaí atá ar fáil, a bhaineann le 2019, i mí Iúil 2020 agus tá sí ar fáil ar an suíomh gréasáin gov.ie.

3 Chun críocha na hanailíse seo, measadh sprioc a bheith 'bainte amach go substaintiúil' nuair atá an toradh ag 85% nó níos airde den spriocleibhéal.

- Fotheideal A13: Níl aon tomhas aschuir nó gníomhaíochta ann maidir leis an bhfotheideal um an gcóiríocht do dhaoine gan dídean, faoinar soláthraíodh caiteachas de €165 milliún in 2019.  Bheadh an líon comhiomlán de na hoícheanta leapa cóiríochta a sholáthraítear (nó ar úsáid daoine gan dídean) ina thomhas féideartha le haghaidh aschur don chaiteachas sin.  Tá suntas déanta de, áfach, go bhfuil 'líon na ndaoine fásta atá ag éalú ón easpa dídine' (5,135 in 2018) curtha san áireamh mar tháscaire tionchair don chlár tithíochta ina iomláine, agus gan spriocluach a bheith ann ina leith.

**Fíor 11.6 Méadracht ardleibhéil an chláir thithíochta, 2020**

| | Méadrach/Táscaire do 2020 | Fotheidil ghaolmhara | Sprioc 2019 | Sprioc 2020 |
|---|---|---|---|---|
| 1 | Líon iomlán na riachtanas tithíochta sóisialta ar ar freastalaíodh | An tIolra | 27,360 | 27,517 |
| 2 | Líon iomlán na n-aonad tithíochta sóisialta atá le daingniú trí chláir mhaoinithe reatha | A4, A5, A6 | 19,490 | 18,981 |
| 3 | Líon na dteaghlach breise atá le haistriú ón bhforlíonadh cíosa go dtí an Scéim Cóiríochta Cíosa | A5 | 600 | 600 |
| 4 | Líon iomlán na n-aonad tithíochta sóisialta atá le daingniú trí chláir chaipitil tithíochta sóisialta | A3, A7, A11, A15, A16, A17 | 7,870 | 8,686 |
| 5 | Líon iomlán na n-aonad tithíochta sóisialta atá le daingniú trí na cláir thógála uile | A3, A7, A11, A15, A16 | 6,545 | 7,736 |
| 6 | Líon iomlán na n-aonad tithíochta sóisialta atá le daingniú trí chláir thógála údaráis áitiúil | A3, A15, A16 | 4,197 | 4,719 |
| 7 | Líon iomlán na n-aonad tithíochta sóisialta atá le daingniú trí chláir thógála na gcomhlachtaí tithíochta ceadaithe | A7, A8, A11 | 2,348 | 3,017 |
| 8 | Líon na n-aonad riachtanas speisialta atá le soláthar faoin Scéim Cúnaimh Chaipitil | A7 | 425 | 400 |
| 9 | Líon na n-aonad atá le soláthar faoin gClár Náisiúnta Athghiniúna | A15 | 200 | 200 |
| 10 | Líon na n-aonad atá le soláthar a bhaineann go sonrach leis an Lucht Siúil | A12 | 120 | 130 |
| 11 | Líon na n-aonad atá le huasghrádú faoin gclár um iarfheistiú | A16 | 3,000 | 1,000 |
| 12 | Líon na dteaghlach breise atá le tacú le hÍocaíochtaí Cúnaimh Tithíochta (ÍCT) | A6 | 16,760 | 15,750 |
| 13 | Líon na n-aonad tithíochta sóisialta folamh atá le hathchóiriú le bheith inúsáidte arís | A16 | 303 | 180 |
| 14 | Líon na n-aonad réadmhaoine atá deisithe faoin Scéim Deisiúcháin agus Léasaithe agus atá ligthe ar cíos anois | A17 | 950 | 150 |
| 15 | Líon na ndeontas chun cabhrú le daoine scothaosta agus le daoine faoi mhíchumas fanacht níos faide ina dteach féin | A18 | 11,000 | 12,000 |
| 16 | Líon na n-aonad cónaithe ar leigheasadh iad faoi scéimeanna pirít agus míoca[a] | A22 | Neamhshonraithe | 450 |
| 17 | Líon na n-imscrúduithe gearrthéarmacha ligin a bhfuil tús curtha leo | A25 | Neamhshonraithe | 2,750 |
| 18 | Líon na n-iniúchtaí ar aonaid phríobháideacha ar cíos maidir le comhlíonadh na n-íoschaighdeán[b] | A25 | 48,500 | 64,500 |
| 19 | Líon na dtithe príobháideacha nua, lena n-áirítear tithe níos inacmhainne lascainithe ar phraghsanna an mhargaidh oscailte, arna seachadadh ar láithreáin údaráis áitiúil nó faoi úinéireacht phríobháideach agus le tacaíocht ó mhaoiniú deontais a soláthraíodh d'oibreacha bonneagair tríd an gCiste Láithreán Seirbhísithe agus an Ciste Gníomhachtaithe Tithíochta um Bonneagair Áitiúil | A21 | 3,200 | 4,155 |

Foinse: Vóta 34 Tithíocht, Pleanáil agus Rialtas Áitiúil, *Imleabhar Mheastacháin Athbhreithnithe 2020*, An Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, Nollaig 2019. Fo-theidil ghaolmhara: faisnéis bhreise arna soláthar ag an Roinn.

Nótaí: a Is tomhais nua iad Tomhas 16 agus Tomhas 17 ar tugadh isteach iad in *REV* 2020.

b Tomhas 18: tá sprioc 2020 bunaithe ar 20% de líon na dtionóntachtaí a cláraíodh leis an mBord um Thionóntachtaí Cónaithe an 31 Nollaig 2018.

- Fotheideal A10: Níl líon na dteaghlach a fhaigheann tairbhe as 'morgáiste go cíos', a fuair €18 milliún san iomlán in 2019, curtha san áireamh mar thomhas.
- Fotheideal A20: Níl líon fhaighteoirí na bhfóirdheontas úinéireachta roinnte tithíochta inacmhainne, a fuair €2.4 milliún in 2019, curtha san áireamh mar thomhas.

**11.20** Níl aon tomhas feidhmíochta sonrach ná sprioc shonrach ann maidir leis an bhfotheideal caiteachais lena mbaineann an luach is airde i.e. fotheideal A3 tithíocht údaráis áitiúil. B'ionann an fotheideal seo agus caiteachas dar luach beagnach €1 billiún in 2019, agus foráil *REV* déanta ann do €789 milliún eile in 2020.[1]

**11.21** Fiú nuair a chuirtear tomhais aschuir ar fáil, ní bhaineann go leor acu go cuimsitheach leis an gcaiteachas a thabhaítear. Mar shampla,

- Cé gur caitheadh €134 milliún ar an Scéim Cóiríochta Cíosa (SCC) in 2019 faoi fhotheideal A5, tá líon na dteaghlach (600 sa bhliain) atá le haistriú chuig an SCC ó thacaíocht fhorlíonta cíosa ar cheann de na tomhais a bhaineann leis an bhfotheideal, agus íoctar é sin as an Vóta um Ghnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí. Tomhas feidhmíochta níos ábhartha d'fho-theideal A5 ab ea (meán)líon na dteaghlach ar tacaíodh leo le linn 2019 trí chaiteachas SCC. Ina theannta sin, níl aon chomhthéacs curtha ar fáil le haghaidh na sprice aistrithe: thacaigh forlíonadh cíosa le 23,770 teaghlach in 2019, ar chostas díreach os cionn €125 milliún.
- Baineann Tomhas 2 'Líon iomlán na n-aonad tithíochta sóisialta atá le daingniú trí chláir mhaoinithe reatha' le caiteachas faoi thrí fhotheideal (A4, A5 agus A6) faoinar caitheadh €656 milliún san iomlán in 2019, agus arb ionann foráil don bhliain 2020 dó agus €822 milliún. Bhí sprioc 2019 díreach faoi bhun 19,500 teaghlach, agus tá sprioc 2020 díreach faoi bhun 19,000 teaghlach. Tagraíonn an tomhas (agus an sprioc) do thionóntachtaí nua a cuireadh i bhfeidhm sa bhliain, agus ní chuirtear san áireamh na tionóntachtaí atá ag leanúint ar aghaidh faoi na scéimeanna éagsúla, a bhfuil an caiteachas ina leith fós á dhéanamh.

### *Foinsí sonraí feidhmíochta*

**11.22** Déanann an Roinn sonraí tithíochta sóisialta a thaifeadadh trí chórais ríomhairithe éagsúla. I gcomhthreo leis sin, seolann sé suirbhéanna ráithiúla chuig údaráis áitiúla ag iarraidh orthu go leor dá gcuid gníomhaíochtaí a chainníochtú agus a rangú faoi na scéimeanna éagsúla. Faigheann na húdaráis áitiúla tuairiscí ó na CCTanna agus cuireann siad na figiúirí comhiomlána ar aghaidh chuig an Roinn.[2] Os rud é gur próiseas láimhe atá ann den chuid is mó, féadfar suas le ocht seachtaine in aghaidh na ráithe a bheith i gceist chun na sonraí loma a bhailiú, a bhailíochtú agus a thiomsú.

1 Tá sé ráite ag an Roinn gur chuir údaráis áitiúla os cionn €49 milliún d'fháltais bharrachais mhaoine áitiúla i bhfeidhm in 2019 i dtreo an chláir arna maoiniú faoi Fhotheideal A3. Tá an Roinn ag súil leis go gcuirfear €76 milliún i bhfáltais barrachais chánach maoine áitiúla i bhfeidhm i leith an chláir sin in 2020.

2 Tugann CCT tuairisc d'údaráis áitiúla go heatramhach ar an stoc breise, agus tá sé sin léirithe ina dhiaidh sin i dtuarascálacha údarás áitiúil don Roinn.

**11.23** Chuir an Roinn in iúl don fhoireann scrúdaithe go bhfuiltear ag obair ar chóras comhtháite a fhorbairt chun sonraí agus scéimeanna a bhaineann leis an tithíocht a bhainistiú. Rachaidh an córas seo i bhfad níos faide ná sonraí aschuir agus airgeadais amháin a bhainistiú, agus beidh sé ina réiteach deireadh go deireadh ón gcéim feidhme go dtí céim an cur i gcrích. Tá sé mar aidhm ag an gcóras an iliomad clár ar leith atá á gcur i bhfeidhm faoi láthair a chomhcheangal in aon struchtúr amháin, áit a ndéantar sonraí a iontráil go díreach ar leibhéal údaráis áitiúil agus ansin iad a phiocadh suas le haghaidh bailíochtaithe uathoibrithe, seachas córais bhailithe sonraí a fheidhmítear de láimh is atá i bhfeidhm faoi láthair. Tá foireann tionscadail TFC tiomnaithe don tithíocht ag feidhmiú sa Roinn mar aon le struchtúr rialachais iomlán agus bord tionscadail. Tá an cás gnó deiridh beagnach críochnaithe agus táthar ag súil leis, faoi réir ceadú a bheith faighte, go dtosóidh an chéad chéim eile gan mhoill. Idir an dá linn, táthar ag obair i gcónaí ar roinnt mionchoigeartuithe sonraí agus ar próisis feabhsúcháin.

## Tuairisciú feidhmíochta a dhéanann *NOAC*

**11.24** Comhlacht neamhspleách maoirseachta reachtúil don earnáil rialtais áitiúil in Éirinn is ea an Coimisiún Náisiúnta Maoirseachta agus Iniúchóireachta (*NOAC*). Ina thuarascáil bhliantúil ar tháscairí feidhmíochta na n-údarás áitiúil,[1] cuireann *NOAC* faisnéis ar fáil faoin stoc tithíochta atá faoi úinéireacht na n-údarás áitiúil, lena n-áirítear gluaiseachtaí sa stoc sa bhliain ag cur san áireamh éadálacha tógála nó ceannaigh, an t-athchóiriú ar aonaid folmha atá ann cheana agus diúscairtí trí dhíolacháin nó trí scartáil. Tá an fhaisnéis ar stoc agus sreafaí tithíochta ar fáil ar bhonn an údaráis áitiúil ar leith. Cuirtear faisnéis ar fáil sa tuarascáil chomh maith ar raon saincheisteanna éagsúla, agus ina measc meánchostas measta cothabhála na n-aonad tithíochta ag údaráis áitiúla; an meán-am slánúcháin atá i gceist chun aon tionónta amháin a fhágáil teach sóisialta agus an chéad tionónta eile a bhogadh isteach, agus an líon daoine atá ag brath ar an gcóiríocht éigeandála ag deireadh na bliana. Déantar cáilíocht na faisnéise staidrimh a bhailíonn *NOAC* ó údaráis áitiúla a bhailíochtú le clár cuairteanna cigireachta timthriallacha ar na húdaráis.

**11.25** Rud atá áisiúil, cuimsítear i dtuarascáil feidhmíochta *NOAC* do 2018 anailís ar threochtaí freisin ar cheithre thomhas roghnaithe a bhaineann le ceisteanna tithíochta sóisialta, bunaithe ar shonraí a bailíodh agus a tuairiscíodh in 2014 ar aghaidh (féach ar Iarscríbhinn 11B).[2] Tugtar le fios an méid seo a leanas ann

- Tháinig méadú ar stoc na n-áitreabh tithíochta sóisialta atá ag na húdaráis áitiúla, suas ó thart ar 129,500 in 2014 go díreach faoi bhun 134,900 in 2018 — is ionann sin agus méadú de 4.1% laistigh de 4 bliana.
- Is ionann an céatadán d'áitribh údaráis áitiúil a bhí folamh ag deireadh na bliana in 2015 agus 3.5% in 2015, agus thit sé sin síos go dtí 2.8% in 2018. (Níor tuairiscíodh an figiúr do 2014).
- Tháinig laghdú ar an meán-am atá i gceist chun áitreabh a ligean trí údarás áitiúil, síos ó 29 seachtaine in 2017 go 27.8 seachtaine in 2018. Ní raibh sonraí inchomparáide ar fáil le haghaidh na blianta roimhe sin, toisc gur athraíodh an sainmhíniú ar an tomhas ó 2017 i leith.[3]
- Mhéadaigh céatadán na ndaoine i gcóiríocht éigeandála a rangaíodh mar dhaoine gan dídean fadtéarmach (i.e. gan dídean ar feadh níos mó ná sé mhí) ó 30% ag deireadh 2014, go díreach faoi bhun 62% ag deireadh 2018.

1 Is féidir teacht ar thuarascálacha táscairí feidhmíochta do na blianta 2014 go 2018 ar shuíomh gréasáin *NOAC* ag Tuarascálacha *NOAC* - An Coimisiún Náisiúnta Maoirseachta & Iniúchóireachta.

2 *Tuarascáil Táscaire Feidhmíochta na nÚdarás Áitiúil 2018*, Tuarascáil *NOAC* Uimh. 22, Meán Fómhair 2019. Baineann táscairí eile a gcuirtear anailís ar fáil ina leith le hábhair éagsúla lena n-áirítear riocht na pábhála, bailiú dramhaíola tí, cásanna truaillithe agus cigireachtaí ar fhoirgnimh nua.

3 Do na blianta 2014 go 2016, rinneadh an t-airmheán ama a glacadh idir ligean in aghaidh an údaráis áitiúil a chur i láthair sa tuarascáil. Léiríonn an meán-am idir ligean raon iomlán na bhfad ó thaobh moilleanna ath-ligin.

**11.26** Aithnítear sa tráchtaireacht i dtuarascáil *NOAC* ar staitisticí tithíochta na n-údarás áitiúil, mar atá leagtha amach in *Atógáil Éireann*, go bhfuil leibhéal suntasach soláthair tithíochta sóisialta ann tríd an stoc tithíochta a fuarthas tríd anCTC, agus trí scéimeanna caiteachais reatha mar SCC agus ÍCT. Measann *NOAC* go bhfuil ról lárnach ag údaráis áitiúla i mbainistiú agus i stiúradh seachadadh tacaíochtaí tithíochta ag CCTanna, agus i seachadadh tacaíochtaí tithíochta trí shásraí seachadta eile mar an ÍCT. Cé go soláthraíonn *NOAC* roinnt faisnéise ardleibhéil ar aschur na tithíochta sóisialta ar gach bealach den sórt sin, de réir na línte a tuairiscíodh i ndáil le *Atógáil Éireann,* níl aon fhorbhreathnú ann ar an stoc iomlán tithíochta sóisialta, ná ar líon na dteaghlach a fhaigheann tacaíocht faoi na scéimeanna éagsúla.

**11.27** Ní sholáthraíonn an fhaisnéis a d’fhoilsigh *NOAC* nasc soiléir idir an caiteachas ar thithíocht shóisialta agus na spriocanna feidhmíochta nó na torthaí ach oiread.

## Samplaí den dea-chleachtas maidir leis an fheidhmíocht a thomhas


### *Tomhas fheidhmíocht na tithíochta sóisialta san Astráil*

**11.28** Tá creat tomhais feidhmíochta réasúnta cuimsitheach agus seanbhunaithe ag an Astráil maidir le seachadadh tithíochta sóisialta. Úsáideann sé buiséadú feidhmíochta a nascann leithdháiltí airgeadais le haschuir intomhaiste. Cé go bhfuil tuairisciú feidhmíochta ar chaiteachas an rialtais ar thithíocht shóisialta forbartha go maith san Astráil anois, rinneadh roinnt athruithe ar an gcóras thar na blianta. Dúnadh bearnaí ba chosúil a bheith sna sonraí atá ar fáil de réir a chéile, cé gur osclaíodh cinn eile de réir mar a leanann an córas ag éabhlóidiú.[1] Tá an fhéidearthacht ann ceachtanna a bhaint as éabhlóid chreat feidhmíochta na hAstráile a chabhróidh le forbairt an tuairiscithe feidhmíochta in Éirinn.

**11.29** Is beag athrú a tháinig ar struchtúr chreat tomhais feidhmíochta tithíochta sóisialta na hAstráile idir 1997 agus 2003. Ó 2005 ar aghaidh, áiríodh sa chóras bainistíochta feidhmíochta cúig tháscaire aschuir agus seacht dtáscaire torthaí (féach ar Iarscríbhinn 11C). Ceapadh aschuir mar thorthaí idirmheánacha, agus táscairí torthaí ceangailte le cuspóir an tsoláthair tithíochta sóisialta. Rinneadh athchatagóiriú ar thomhais éagsúla thar na blianta ó tháscairí toraidh go táscairí aschuir.

**11.30** Tugann Fíor 11.7 achoimre ar chreat feidhmíochta na hAstráile um an tithíocht shóisialta atá i bhfeidhm ann faoi láthair. Déantar tomhais na n-aschur a úsáidtear a chatagóiriú ina dtrí ghrúpa a bhaineann leis an gcothromas, an éifeachtúlacht agus an éifeacht. Is iad táscairí éifeachtúlachta an sciar is mó de tháscairí, ag díriú ar shaincheisteanna a mbíonn tionchar díreach acu ar theaghlaigh a dteastaíonn tacaíocht uathu e.g. amanna feithimh, inacmhainneacht agus riocht na n-aonad tithíochta.

**Fíor 11.7 Creat feidhmíochta na hAstráile um an tithíocht shóisialta**




Foinse: Australia Productivity Commission, *Report on Government Services 2020*

Nóta: a Thug an tuarascáil ón Astráil le fios nach bhfuil na sonraí is déanaí maidir leis na táscairí aschuir atá aibhsithe sa dath bándearg inchomparáide agus/nó nach bhfuil siad iomlán.

1 Mar shampla, cé gur ceapadh méadracht aschuir 'inbhuanaitheachta' i dtéarmaí cothromaíocht a dhéanamh idir riachtanas tithíochta agus údair imní sóisialta, airgeadais agus comhshaoil agus go bhfuil sé san áireamh sa chreat feidhmíochta reatha, ní raibh sonraí ar fáil le tuairisciú i gcoinne an mhéadraigh seo in 2020.

### *Oibriúchán na tithíochta sóisialta san Astráil*

San Astráil, sainmhínítear an tithíocht sóisialta mar thithíocht ar cíos arna soláthar ag eagraíochtaí rialtais nó neamhrialtasacha (lena n-áirítear eagraíochtaí neamhbhrabúis) ag rátaí atá faoi bhun rátaí an mhargaidh do Astráiligh a bhfuil ioncaim íseal go measartha acu.[1] I measc na dtacaí tithíochta eile a chuirtear ar fáil atá lasmuigh den sainmhíniú seo tá fóirdheontas cíosa agus tacaíochtaí atá ar fáil go náisiúnta dóibh siúd atá ag iarraidh a dteach a cheannach.

Amhail an 30 Meitheamh 2018, bhí beagnach 419,000 áitreabh curtha ar fáil ag na trí phríomhchlár tithíochta sóisialta. Cé go bhfuil méadú tagtha ar an líon aonad tithíochta sóisialta le deich mbliana anuas, tháinig laghdú ar an tithíocht shóisialta mar sciar den stoc tithíochta iomlán san Astráil, suas ó 5.1% in 2011 go dtí 4.2% in 2016.

Tá an rialtas áitiúil freagrach as an tithíocht shóisialta a sholáthar san Astráil, agus go ginearálta bíonn stoc réadmhaoine faoi úinéireacht aige nó léasaíonn sé é. Déantar incháilitheacht don tithíocht shóisialta a chinneadh ar bhonn an leibhéil ioncaim. Sainmhínítear teaghlaigh ar 'ioncam íseal' in New South Wales mar theaghlaigh a thuilleann idir 50% agus 80% den ioncam airmheánach in Sydney, agus is iad teaghlaigh ar 'ioncam an-íseal' iad siúd a thuilleann níos lú ná 50% den ioncam airmheánach.

Socraítear an cíos tithíochta sóisialta mar chion d'ioncam an tionónta — 25% go 30% de ghnáth — nó ar aon dul leis an gcíos margaidh (cibé acu is ísle).

Fuarthas san *Australian National Social Housing Survey* 2018 go raibh timpeall 195,000 teaghlach Astrálach ar liostaí feithimh le haghaidh na tithíochta sóisialta.

**11.31** I measc phríomhghnéithe chreat feidhmíochta na hAstráile tá

- Tá príomhghnéithe na feidhmíochta (cuspóirí, aschuir agus torthaí) leagtha amach i slabhra comhleanúnach.
- Tá measúnú feidhmíochta maidir leis an gcaiteachas ar an tithíocht sóisialta tar éis bogadh ó tháscairí éifeachtúlachta atá dírithe ar phróisis, atá dírithe go hinmheánach, i bhfabhar táscairí éifeachtúlachta atá dírithe ar an taobh amuigh agus a bhfuil sé mar aidhm acu sochar breise a dhíorthaíonn teaghlaigh a thomhas.
- Cé go raibh sé níos deacra, uaireanta, iad a bhailiú agus a léirmhíniú, roghnaigh creat na hAstráile d'aon ghnó díriú ar shonraí cáilíochtúla (amhail sástacht chustaiméirí agus riocht na n-áitreabh) seachas ar go leor táscairí cainníochtúla (amhail leibhéil áitíochta agus riaráistí cíosa).

### *Foinsí sonraí feidhmíochta*

**11.32** In a lán dlínsí san Eoraip, bíonn an beartas tithíochta bunaithe ar anailís ar shonraí riaracháin atá mar fhotháirge de phróisis eile go minic, sonraí cánach maoine, m.sh. Coinnítear bunachair sonraí tithíochta saincheaptha i roinnt dlínsí. I measc na samplaí atá ann, tá *Clár Tithíochta agus Áitribh Tithíochta* na hOstaire, *Clár na gCeantar agus na bhFoirgneamh Daonáirimh* i bPoblacht na Seice agus *Clár Foirgnimh agus Áitribh* na Danmhairge.

1 *National Social Housing Survey 2018*, Australian Institute of Health and Welfare, 2019.

**11.33** Ar an mbonn idirnáisiúnta, is minic a fhaightear mionsonraí tacaíochta maidir le feidhmíocht tithíochta trí shuirbhéanna.

## Conclúidí agus moltaí

**11.34** Maoinítear cuid mhaith den tithíocht shóisialta, a sholáthraíonn údaráis áitiúla nó CCTanna trí thionscadail chaipitil nó trí chláir chaiteachais reatha, tríd an Vóta do Thithíocht, Pleanáil agus Rialtas Áitiúil. Foinsí maoinithe breise le haghaidh na gcostas caipitil a bhaineann le ceannach na tithíochta sóisialta is ea iasachtaí ón nGníomhaireacht Airgeadais do Thithe d'údaráis áitiúla agus do CCTanna, agus d'fhorbairt comhpháirtíochtaí poiblí príobháideacha. Cuirtear maoiniú reatha le haghaidh na tacaíochta tithíochta ar fáil freisin ón Vóta do Ghnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí i bhfoirm an fhorlíonta cíosa, atá beartaithe mar chúnamh gearrthéarmach, le teaghlaigh a bhfuil tacaíocht i gcónaí de dhíth orthu á n-aistriú chuig cineálacha eile tacaíochta tithíochta sóisialta, de réir mar is cuí.

**11.35** Mar gheall ar na cineálacha iomadúla tacaíochta atá ar fáil don tithíocht a bhfuil critéir éagsúla ag gabháil leo maidir leis an rochtain agus na hathruithe — déimeagrafacha agus/nó airgeadais — a tharlaíonn i riachtanais teaghlach, is próiseas casta atá i gceist le monatóireacht agus tuairisciú a dhéanamh ar fheidhmíocht na gcomhlachtaí poiblí a bhfuil baint acu leis an tacaíocht tithíochta sóisialta. Cé go bhfuil freagrachtaí tábhachtacha eile ar an Roinn san earnáil, baineann an chuid is mó dá caiteachas ar chláir tithíochta le soláthar na tithíochta sóisialta. Chaith an Roinn €2.4 billiún ar an tithíocht in 2019, sin dhá oiread go leith an figiúr inchomparáidthe don bhliain 2016.[1] I bhfianaise scála an chaiteachais agus an tionchair ar shaol na ndaoine sin atá buailte, tá sé tábhachtach go mbeadh creat iomchuí don tomhas feidhmíochta i bhfeidhm chun measúnú a éascú i dtaobh an bhfuil na torthaí inmhianaithe á mbaint amach ar bhealach a sholáthraíonn luach ar airgead.

**11.36** Tá cuspóirí agus spriocanna straitéiseacha maidir leis an ról atá ag an rialtas san earnáil tithíochta leagtha amach in *Atógáil Éireann 2016 – 2021.* Táthar ag déanamh tuairisciú rialta ar na spriocanna seo, agus tugann siad le fios go bhfuil na spriocanna foriomlána don tithíocht shóisialta á mbaint amach, cé gur trí chothromaíocht éagsúil de mhodhanna seachadta i gcomparáid leis na rudaí a bhí beartaithe ar an gcéad dul síos.

**11.37** Tá an chuid is mó de na spriocanna feidhmíochta atá leagtha síos ag an Roinn don chlár tithíochta arna maoiniú faoin Vóta do Thithíocht, Pleanáil agus Rialtas Áitiúil bainte amach nó bainte amach go substaintiúil. Spriocanna aschuir atá i gceist den chuid is mó a thomhaiseann gnéithe den ghníomhaíocht arna maoiniú ag an gclár. Mar sin féin, níl na tomhais a úsáidtear ailínithe go maith le cineál na gníomhaíochta a mhaoinítear. Níl aon tomhais aschuir nó ghníomhaíochta ag baint le roinnt línte maoinithe suntasacha. Baineann roinnt tomhas le roinnt línte maoinithe, mar sin tá sé deacair a fheiceáil cén rannchuidiú atá á dhéanamh ag na cainéil chaiteachais éagsúla. Baineann roinnt de na tomhais/spriocanna le luachanna incriminteacha — m.sh. tionóntachtaí nua ÍCT atá cruthaithe — seachas de réir scála iomlán na tacaíochta a chuirtear ar fáil tríd an sruth maoinithe i.e. meánlíon seachtainiúil na dtionóntachtaí ÍCT a dtacaítear leo sa bhliain. Níl aon cheann de na tomhais dírithe ar ghnéithe eacnamaíochta nó éifeachtúlachta maidir leis an fheidhmíocht m.sh. meánchostas aonad cónaithe nua a fháil, nó meánchostas tionóntachtaí SCC nó ÍCT.

1 Is é an méadú iarbhír a bhí ann ná suas ó €943 milliún in 2016 go dtí €2.44 billiún in 2019.

**11.38** Teastaíonn táscairí torthaí agus spriocanna freisin chun a thaispeáint an bhfuil cuspóirí an chláir á mbaint amach. Mar shampla, is féidir cur le táscaire aschuir lena ndéantar céatadán na ndaoine a dteastaíonn tacaíochtaí uathu a thomhas le táscaire aschuir a dhéanann an líon daoine a fhaigheann tacaíocht tithíochta sóisialta a thomhas.

**11.39** Éascaítear tagarmharcáil agus comparáid idirnáisiúnta freisin nuair a chuirtear táscairí torthaí in iúl i bhfoirm céatadáin ábhartha seachas i dtéarmaí iomlána. Mar shampla, tá brí níos mó le sprioc chun tithíocht shóisialta faoi úinéireacht phoiblí a mhéadú go X% den stoc iomlán tithíochta faoi Bhliain Y agus tá sé níos inchomparáide ná sprioc chun aonaid nua Z a sheachadadh in aghaidh na bliana.

**Moladh 11.1**

Ba cheart don Roinn tomhais aschuir agus ghníomhaíochta níos oiriúnaí a fhorbairt dá clár caiteachais tithíochta. Ba cheart dó iarracht a dhéanamh táscairí nua toraidh agus éifeachtúlachta a fhorbairt don chlár, lena n-áirítear spriocanna arna gcur in iúl i dtéarmaí céatadáin, chun a chuspóirí straitéiseacha don earnáil tithíochta a léiriú.

**Freagra ó Oifigeach Cuntasaíochta an RTPRA**

Comhaontaítear.

Cé go n-admhaítear go bhféadfar, agus gur cheart, feabhsúcháin áirithe a iniúchadh, ní mór na sonraí iomchuí a bheith ar fáil chun táscairí feidhmíochta nua a ghiniúint. Tá infhaighteacht na sonraí, is cuma más sonraí atá ann cheana féin atá i gceist, nó uirlis éigin nua chun sonraí a bhailiú, ríthábhachtach chun bheith in ann tuarascálacha lán brí, inchomparáide agus cruinne a chur ar fáil, agus tá mo Roinn féin an-oscailte iniúchadh a dhéanamh ar na tacair sonraí atá ar fáil a úsáid chun tuairisciú feidhmíochta a fheabhsú agus, b'fhéidir bealaí a iniúchadh chun aghaidh a thabhairt ar na bearnaí áirithe sa tuairisciú ar thorthaí a aibhsíodh sa tuarascáil seo.

Tá an Roinn seo ag brath go mór ar an soláthar sonraí rialta ó 31 údarás áitiúil, agus tá sí ag obair go crua le blianta beaga anuas chun bailiú agus léirmhíniú sonraí a chaighdeánú. Ní mór aon cheanglais tuairiscithe bhreise a mheas go cúramach i gcomhthéacs comhréireacht an ualaigh riaracháin bhreise.

**11.40** Táirgeann *NOAC* faisnéis feidhmíochta úsáideach agus iontaofa maidir le stoc tithíochta na n-údarás áitiúil. Mar gheall ar an tuairisciú sonraí a bheith carntha le himeacht ama, táthar anois in ann treochtaí a aithint agus a anailísiú. Mar sin féin, níl dóthain béime curtha ag an tsraith tomhas a tháirgeann sé ar na gnéithe airgeadais de sholáthar díreach údaráis áitiúil de thithíocht shóisialta. Ina theannta sin, cé go bhfuil ról i bhfad níos leithne ag údaráis áitiúla maidir leis an soláthar tithíochta sóisialta, ina ról reachtúil mar údaráis tithíochta agus trína mbaint le tacaíocht do theaghlaigh trí CCTanna agus faoi na scéimeanna SCC agus ÍCT, ní dhéanann *NOAC* feidhmíocht a thiomsú ná a thuairisciú sna ceantair sin.

**Moladh 11.2**

Ba cheart don Roinn smaoineamh, i gcomhairle le *NOAC*, an bhfuil cás ann chun scóip thuairisciú feidhmíochta *NOAC* a leathnú i ndáil le tithíocht shóisialta, chun ról na n-údarás áitiúil mar údaráis reachtúla tithíochta a aithint, agus a mbaint lárnach le soláthar tithíochta sóisialta seachas trína stoc tithíochta féin.

**Freagra ó Oifigeach Cuntasaíochta an RTPRA**

Comhaontaítear.

Déanfar an moladh seo a iniúchadh agus a mheas tuilleadh i gcomhairle le *NOAC*.

Aithníodh i dtuarascáil *NOAC* 2018 an ról tábhachtach atá ag údaráis áitiúla i mbainistiú agus i stiúradh seachadadh tacaíochtaí tithíochta ag comhlachtaí eile, agus maidir le tacaíochtaí tithíochta a sheachadadh trí shásraí seachadta eile mar ÍCT. Mar atá leagtha amach in Atógáil Éireann, baintear amach tacaíochtaí tithíochta anois tríd an chomhoibriú idir údaráis áitiúla, CCTanna agus aonáin eile ag úsáid modhanna traidisiúnta seachadta agus cineálacha cur chuige níos nuálaí i leith an tsoláthair. Sa chomhthéacs sin, cé go bhfuil stoc tithíochta na n-údarás áitiúil fós ina phríomhfhócas ag an *NOAC*, ní mór suntas a dhéanamh freisin don soláthar tithíochta sóisialta a dhéanann aonáin eile.

**11.41** Molann an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe gur chóir do líon na spriocanna aschuir don réimse caiteachais i gceist a bheith comhréireach leis an leibhéal caiteachais. Rinneadh suntas de sa scrúdú seo nach raibh méadracht i bhfeidhm ag an Roinn le haghaidh roinnt fotheideal caiteachais ar mhórchláir tithíochta sa *REV* 2020.

**Moladh 11.3**

Ba cheart don Roinn athscrúdú a dhéanamh ar na táscairí aschuir a úsáidtear dá clár foriomlán tithíochta sa *REV* lena chinntiú go léirítear na leibhéil choibhneasta chaiteachais sa mhéid spriocanna atá leagtha síos i ndáil leis na fotheidil éagsúla.

**Freagra ó Oifigeach Cuntasaíochta an RTPRA**

Comhaontaítear.

Aithníonn an Roinn an réasúnaíocht maidir le cionroinnt líon na spriocanna i gcoinne na leibhéal caiteachais, agus sa chomhthéacs sin beifear sásta athbhreithniú a dhéanamh ar na táscairí aschuir maidir leis na fotheidil éagsúla. Leanfar leis go bhféadfadh cláir áirithe aschuir shubstaintiúla a bhaint amach don saoránach, fiú le hinfheistíocht mheasartha ón státchiste agus dá réir sin leanfar leis go mbeidh siad léirithe sna táscairí feidhmíochta.

**11.42** Laistigh den chur i láthair faoi *REV*, ba cheart go mbeifear in ann sonraí feidhmíochta a chuimsítear i rannán na bpríomh-mhéadrachtaí ardleibhéil a mheaitseáil leis an gcaiteachas faoi fhotheidil ar leith.

**Moladh 11.4**

Ba cheart don Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil a chinntiú go bhfuil nasc díreach ag príomh-mhéadrachtaí ardleibhéil atá san *REV* le fotheidil clár tithíochta ar leith.

**Freagra ó Oifigeach Cuntasaíochta an RTPRA**

Comhaontaítear.

Scrúdóidh an Roinn agus féachfaidh sí lena chinntiú, oiread agus is féidir, go mbeidh nasc díreach ag príomh-mhéadrachtaí ardleibhéil atá san *REV* le fo-cheannteidil sainchláir tithíochta. I roinnt cásanna níos casta, d'fhéadfaí go mbeadh comhthéacsú ag teastáil ón méadrach agus i gcásanna áirithe féadfaidh nasc a bheith ann le fotheidil iolracha, mar shampla d'fhéadfadh baint a bheith ag méadracht feidhmíochta a bhaineann le heaspa dídine le fotheidil chaipitil a bhaineann leis an fhoirgníocht nó leis an ceannach, nó le fotheidil reatha faoin ÍCT nó le fotheidil chlár le haghaidh an chaiteachais tithíochta sóisialta reatha. I gcás soláthar CTC áirithe (saoráid léasaithe réamhchaipitil), táthar ag brath ar fhotheidil chaipitil agus reatha araon chun aschuir a bhaint amach.

**11.43** Tá an deis ann d'Éirinn ceachtanna luachmhara a bhaint as an taithí idirnáisiúnta ar an tuairisciú feidhmíochta san earnáil tithíochta. Rinneadh an creat tomhais feidhmíochta le haghaidh an tsoláthair tithíochta sóisialta san Astráil a bheachtú le blianta fada anuas, agus tá an bhéim curtha ar tháscairí éifeachtúlachta forbhreathnaitheacha le déanaí.

**11.44** Cuimsíonn creat reatha na hAstráile táscairí cáilíochtúla mar riocht áitribh agus sástacht chustaiméirí. Cé go mbaineann deacracht áirithe le bheith ag bailiú agus ag léirmhíniú sonraí den sórt sin, tá an cumas ag an bhfaisnéis a bhailítear tuairisciú feidhmíochta a shaibhriú go mór.

**Moladh 11.5**

Ba cheart don Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil scrúdú a dhéanamh ar an bhféidearthacht atá ann táscairí cáilíochtúla iomchuí a thabhairt isteach le haghaidh an tomhais feidhmíochta san earnáil tithíochta.

I bhfianaise na treorach atá ann faoi láthair nár cheart ach táscairí cainníochtúla a áireamh sa *REV*, ba cheart don Roinn cinneadh a dhéanamh freisin ar mheicníocht iomchuí chun faisnéis cháilíochtúil feidhmíochta a fhoilsiú.

**Freagra ó Oifigeach Cuntasaíochta an RTPRA**

Comhaontaítear.

Maidir le foilsiú an tomhais feidhmíochta cháilíochtúil lasmuigh den *REV*, déanfar é seo a scrúdú go cúramach, agus breithneofar é i gcomhthéacs níos leithne na struchtúr tuairiscithe eile atá i bhfeidhm, mar shampla foilseacháin staitistiúla ráithiúla seachadta tithíochta sóisialta, nó tuairisciú ráithiúil ar gach aon ghníomh faoi na cúig cholún de chuid Atógáil Éireann. Chun táscairí nua a ghiniúint, cibé acu lena gcur san áireamh sa *REV*, nó in áit eile, bítear ag brath ar leibhéal clúdaigh na sonraí agus ar chruinneas na sonraí atá ar fáil cheana féin nó a bhfuiltear in ann iad a bhaint as struchtúr nua éigin chun sonraí a bhailiú. Breithneoidh an Roinn an poitéinseal atá ann, mar shampla, torthaí an daonáirimh agus staitisticí an AE ar ioncam agus dálaí maireachtála a úsáid — caithfear machnamh cúramach a dhéanamh ar theorainneacha sonraí dá leithéid áfach.

### *Feidhmíocht na gclár a thomhas go ginearálta*

**11.45** Cé go raibh an scrúdú seo dírithe ar an earnáil tithíochta, tá impleachtaí níos leithne ag cuid de na saincheisteanna a sainaithníodh ar cheart don Roinn Caiteachais agus Athchóirithe Poiblí iad a mheas. Tá an fhéidearthacht ann an nasc idir leithdháiltí airgeadais agus príomh-mhéadrachtardleibhéil a neartú agus a shoiléiriú do gach vóta sa *REV*.

**11.46** Níl aon doiciméad amháin sa timthriall cuntasaíochta vótála a thugann faisnéis le chéile maidir le torthaí airgeadais agus an fheidhmíocht i gcoinne táscairí aschuir nó táscairí toraidh.

**11.47** Cuimsítear leis an *REV* faisnéis maidir leis an toradh i gcoinne spriocanna feidhmíochta ach ní chuimsítear faisnéis faoi thorthaí airgeadais leis. Ar bhonn ar leith, tuairiscítear i gcuntais leithreasa do gach vóta na torthaí airgeadais i gcomparáid leis na buiséid a bhí ceadaithe ach ní chuimsítear faisnéis feidhmíochta iontu siúd.

**Moladh 11.6**

Ba cheart don Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe athbhreithniú a dhéanamh ar an bpróiseas reatha chun meastacháin a fhorbairt agus cuntais a tháirgeadh ina dhiaidh sin chun deiseanna a aithint chun an trédhearcacht a fheabhsú trí faisnéis airgeadais agus feidhmíochta a chomhtháthú níos fearr.

**Freagra ón Oifigeach Cuntasaíochta sa RCPA**

Comhaontaítear.

Aontaím leis gur cheart an fhaisnéis airgeadais agus feidhmíochta a chomhtháthú níos mó. I dtuarascáil 2019 de chuid an *OECD Financial Reporting in Ireland* [1] leagadh amach raon moltaí chun an próiseas tuairiscithe airgeadais Rialtais a fheabhsú. Cuimsíonn na hathchóirithe seo gluaiseacht go córas cuntasaíochta fabhraithe atá bunaithe ar chaighdeáin idirnáisiúnta, tuarascálacha airgeadais a bheith curtha amach ar bhonn níos tráthúla, agus cur chuige níos cuimsithí i leith an tuairiscithe uile-Rialtais.

Moladh sa tuarascáil freisin go ndéanfaí machnamh ar thuairisciú Rialtais níos comhtháite, lena n-áireofaí an toradh airgeadais don bhliain roimhe sin, ráitis airgeadais bunaithe ar fhabhruithe, agus faisnéis faoi straitéis agus feidhmíocht na Roinne. Cé gurb é an tosaíocht láithreach bonn atá ann maidir leis an athchóiriú seo ná an ghluaiseacht i dtreo creat cuntasaíochta fabhraithe bunaithe ar chaighdeáin, breithneoidh an Roinn roghanna freisin don chineál tuarascála bliantúla níos comhtháite a mhol an *OECD*, mar chuid den phróiseas athchóirithe.

1 *Financial Reporting in Ireland*, Irisleabhar an *OECD* ar an mBuiséadú Imleabhar 2019/1.

## Iarscríbhinn 11A Saintréithe a bhaineann le dea-chreataí tomhais feidhmíochta

Is úsáideach mar is féidir saintréithe a bhaineann le dea-chreataí tomhais feidhmíochta a mheas maidir le dearadh tomhas nó táscaire feidhmíochta ar leith, nó dearadh tomhas nó táscaire feidhmíochta sonrach, agus maidir le cáilíocht chóras na dtomhas nó na dtáscairí feidhmíochta ar fheidhmíocht na heagraíochta ina hiomláine.

**Fíor 11A.1 Dea-thomhas nó dea-tháscaire feidhmíochta**

| Saintréith | Cur Síos |
|---|---|
| **Ábhartha** | Baineann an tomhas le cuspóir feidhmíochta lárnach a chur i gcrích |
| **Inchurtha** | Tá an Roinn in ann tionchar a imirt ar thorthaí gníomhaíochta |
| **Seachnaítear dreasachtaí contrártha leis** | Ní dócha go mbeidh toradh contrártha mar thoradh ar an tomhas seo a úsáid |
| **Dea-shainmhínithe** | Tá an tomhas furasta a thuiscint agus comhsheasmhach, agus éiríonn leis an rud atá beartaithe leis a thomhas |
| **Inchomparáideach** | Ba cheart go mbeifear in ann tomhas a chur i gcomparáid, le tréimhsí roimhe nó idir ranna den chineál céanna, m.sh. |
| **Iontaofa** | Tá próisis sheasmhacha agus chomhsheasmhacha bhailithe sonraí ann thar phointí bailiúcháin agus le himeacht ama |
| **Tráthúil** | Déantar tomhas a tháirgeadh minic agus tapa go leor chun dul chun cinn a rianú agus chun go mbeidh sé úsáideach |
| **Cruinn agus infhíoraithe** | Tá na sonraí a úsáidtear chun an tomhas a ghiniúint cruinn, iomlán agus is féidir iad a bhailíochtú go neamhspleách |

Foinse: Bunaithe ar chreat ón RA atá forbartha ag an *National Audit Office, an Audit Commission, an Cabinet Office, an Office for National Statistics* agus ag *HM Treasury* i gcomhar le chéile. *Choosing the Right Fabric: A Framework for Performance Information*, 2001.

**Fíor 11A.2 Dea-chóras tomhas nó táscairí feidhmíochta tógtha le chéile**

| Saintréith | Cur Síos |
|---|---|
| **Cuimsitheach** | Léirítear ann staid na hoibre obair atá á déanamh ag an eagraíocht, lena n-áirítear gach réimse suntasach den obair |
| **Cothromaithe** | Ba cheart go mbeadh líon na dtomhas/na dtáscairí comhréireach leis an leibhéal caiteachais atá i gceist |
| **Oiriúnach** | Ba cheart go mbeadh an tomhas oiriúnach do chinnteoirí laistigh den eagraíocht, agus áisiúil dóibh chomh maith, agus ba cheart dó freastal ar riachtanais na ngeallsealbhóirí lasmuigh den eagraíocht freisin |
| **Láidir** | Ba cheart go mbeadh giniúint na faisnéise in ann athruithe eagraíochtúla nó pearsanra a sheasamh |
| **Comhtháite** | Ba cheart córas na dtomhas a chomhtháthú le próisis phleanála agus bhainistíochta gnó na heagraíochta |
| **Éifeachtach ó thaobh costais** | Cothromaíonn sé na buntáistí a bhaineann le faisnéis feidhmíochta i gcoinne na gcostas a bhaineann leis an bhfaisnéis sin a tháirgeadh |

Foinse: Bunaithe ar chreat ón RA atá forbartha ag an *National Audit Office, an Audit Commission, an Cabinet Office, an Office for National Statis*tics agus ag *HM Treasury* i gcomhar le chéile. *Choosing the Right Fabric: A Framework for Performance Information*, 2001.

## Iarscríbhinn 11B Sonraí ó thuarascáill *NOAC* ar tháscairí feidhmíochta

| Táscaire feidhmíochta | 2014 | 2015 | 2016 | 2017 | 2018 |
|---|---|---|---|---|---|
| Líon na n-áitreabh atá faoi úinéireacht na n-údarás áitiúil ag deireadh na bliana | 129,511 | 129,860 | n/b | 133,394 | 134,880 |
| Céatadán den líon iomlán áitreabh faoi úinéireacht údaráis áitiúil a bhí folamh ag deireadh na bliana | n/b | 3.50 | 3.02 | 2.73 | 2.77 |
| An tréimhse ama ón dáta a fhágtar áitreabh folamh go dtí an dáta sa bhliain nuair a cuireadh tús le tionóntacht nua san áitreabh sin, ar an meán (seachtainí) ar fud na n-áitreabh go léir a ath-ligtear[b] | 24.28 | 22.56 | 20.90 | 28.99 | 27.75 |
| Líon na ndaoine fásta i gcóiríocht éigeandála atá gan dídean fadtéarmach (i.e. 6 mhí nó níos mó sa bhliain roimhe sin) mar chéatadán de líon iomlán na ndaoine fásta gan dídean i gcóiríocht éigeandála ag deireadh na bliana | 30.34 | 45.27 | 58.46 | 54.38 | 61.58 |

Foinse: Tuarascáil *NOAC* ar Táscairí Fheidhmíochta 2018

Nóta: a cuirtear in iúl le “n/b” nach raibh aon fhaisnéis ar fáil don bhliain i gceist.

b Maidir leis na blianta idir 2014 agus 2016, is ionann an figiúr atá léirithe agus an t-airmheán idir an áitreabh a bheith á ligean, seachas an meántréimhse.

## Iarscríbhinn 11C Forbairt táscairí a úsáidtear i gcreat feidhmíochta tithíochta sóisialta na hAstráile 1997 – 2020

| | Táscaire Aschuir | Nóta maidir leis an tomhas | 1997-1999 | 2000 | 2001-2003 | 2004 | 2005 | 2006-2010 | 2011 | 2012-2016 | 2017 | 2018-2019 | 2020 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 1 | Feiliúnacht an aonaid chónaithe leis an líon daoine sa teaghlach | Céatadán na líonta tí atá plódaithe, arna mheas ag baint úsáide as an *Canadian National Occupancy Standard* (*CNOS*) | | | | | | | | | | | |
| 2 | Sástacht chustaiméirí | Freagróirí an tsuirbhé a thug le fios go raibh siad (an-) sásta lena soláthraí tithíochta ar an iomlán | | | | | | | | | | | |
| 3 | Saoráid/suíomh | Iad siúd a mheasann go bhfuil taitneamhacht agus suíomh tábhachtach, atá in áitribh oiriúnacha (carrchlós nó gar do scoil) | | | | | | | | | | | |
| 4 | Riocht an áitribh | Céatadán na dteaghlach a chónaíonn in áitribh a chomhlíonann íoschaighdeáin réamhchinntithe | | | | | | | | | | | |
| 5 | Braistintí sábháilteachta | Céatadán na ndaoine atá sásta leis an leibhéal sábháilteachta a bhíonn ina mbaile agus (ar bhonn ar leith) ina gcomharsanacht | | | | | | | | | | | |
| 6 | Oibleagáidí seirbhíse pobail | Cíos margaidh lúide cíos a ghearrtar | | | | | | | | | | | |
| 7 | Inacmhainneacht | Céatadán na dtionóntaí tithíochta sóisialta ar ioncam íseal a bhfuil strus cíosa ag baint dóibh, bunaithe ar phrionsabal 30/40 | | | | | | | | | | | |
| 8 | Ioncam íseal | De réir na foirmle tástála acmhainne | | | | | | | | | | | |
| 9 | Rochtain tosaíochta dóibh siúd is mó riachtanas | Lena n-áirítear daoine atá gan dídean agus daoine a bhfuil a sláinte nó a sábháilteacht i mbaol, i measc daoine eile | | | | | | | | | | | |
| 10 | Riachtanais speisialta | Céatadán na n-aonad tithíochta nua a leithdháiltear ar theaghlaigh a bhfuil riachtanais speisialta acu, i.e. daoine faoi mhíchumas, daoine scothaosta | | | | | | | | | | | |
| 11 | Costais oibriúcháin in aghaidh an áitribh | Cothabháil agus dímheas san áireamh | | | | | | | | | | | |
| 12 | Costais riaracháin in aghaidh an áitribh | Cúlra | | | | | | | | | | | |
| 13 | Costas táirgeachta stoic | Costas stoic a cheannach nó a thógáil | | | | | | | | | | | |

| | Táscaire Aschuir | Nóta maidir leis an tomhas | 1997-1999 | 2000 | 2001-2003 | 2004 | 2005 | 2006-2010 | 2011 | 2012-2016 | 2017 | 2018-2019 | 2020 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 14 | Costais chaipitiúla in aghaidh an áitribh | Dímheas móide costas caipitil an úsáideora (costas deise) | | | | | | | | | | | |
| 15 | Ollchostas in aghaidh an aonaid | Costais riaracháin, oibriúcháin agus chaipitil | | | | | | | | | | | |
| 16 | Glanchostas in aghaidh an aonaid (aschur) | Glanchostas (seachas cíos a fhaightear ó thionóntaí) | | | | | | | | | | | |
| 17 | Glanchostas athfhillteach in aghaidh an áitribh | Costais riaracháin agus oibriúcháin iomlána. Ní chuimsítear aon chostas caipitil leis | | | | | | | | | | | |
| 18 | Ráta an toraidh ar shócmhainní | Glanbharrachas móide an t-ús arna roinnt ar mheán na sócmhainní iomlána | | | | | | | | | | | |
| 19 | Ráta an toraidh ar chothromas | Glanbharrachas arna roinnt ar an meánchothromas iomlán | | | | | | | | | | | |
| 20 | Ráta an toraidh ar shócmhainní agus ar chothromas | Glanbharrachas arna roinnt ar mheán na sócmhainní iomlána agus ar an meánchothromas iomlán | | | | | | | | | | | |
| 21 | Luach cothromais | Difríocht idir meán na sócmhainní iomlána agus na meán-dliteanais iomlána atá ag údarás tithíochta | | | | | | | | | | | |
| 22 | Leibhéal an tsoláthair | Tithíocht a sholáthraítear i gcomparáid leis an spriocsholáthar | | | | | | | | | | | |
| 23 | Rátaí áitíochta | Líon na n-áitreabh atá áitithe mar chion de na háitribh iomlána | | | | | | | | | | | |
| 24 | Ráta bailithe cíosa | Cíos iomlán a bailíodh i ndáiríre mar chéatadán den chíos iomlán a ghearrtar agus/nó mar chéatadán den líon tionóntaí i riaráistí | | | | | | | | | | | |
| 25 | Am slánúcháin | Meán-am i laethanta a thógann sé chun áitribh fholmha, atá réidh le ligean, a thabhairt do thionóntaí | | | | | | | | | | | |
| 26 | Cíos slánúcháin ligthe thar ceal | Cíos caillte nuair a bhí an t-aonad folamh idir dhá ligean | | | | | | | | | | | |
| 27 | Amanna feithimh | Teaghlaigh a fuair leithdháileadh tithíochta sa 12 mhí roimhe sin, de réir an mhéid ama a chaith siad ar an liosta tithíochta sóisialta | | | | | | | | | | | |
| 28 | An Inbhuanaitheacht | Freastalaítear ar riachtanais tithíochta agus déantar iad a chothromú le riachtanais tithíochta amach anseo agus le húdair imní sóisialta, airgeadais agus comhshaoil amach anseo | | | | | | | | | | | |

Foinse: Tuarascáil ar Sheirbhísí Rialtais 1997 – 2020. Anailís a rinne Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste.

Nótaí:
a Tugtar le fios leis an dath glas go raibh an táscaire aschuir in úsáid sa bhliain ábhartha.
b Tugtar le fios leis an dath oráiste go raibh an táscaire aschuir athshannaithe mar tháscaire aschuir sa bhliain ábhartha.